An Coimisiún Eorpach



# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

2 Bealtaine 2018

# BUISÉAD NUA-AIMSEARTHA LE HAGHAIDH AONTAS A CHUMHDAÍONN, A CHUMHACHTAÍONN AGUS A CHOSNAÍONN



*'Lá cinniúnach don Aontas seo againne an lá inniu. Deis é an buiséad nua ár dtodhchaí a mhúnlú mar Aontas nua ardaidhmeannach de 27 mBallstát atá nasctha go dlúth ag an dlúthpháirtíocht. Le togra an lae inniu, tá fís á cur os comhair an phobail againn, fís faoin gcineál Aontais a theastaíonn uainn, mar aon le plean pragmatach faoin gcaoi ar féidir linn an fhís sin a fhíorú. Den chéad uair riamh i stair an Aontais Eorpaigh, beidh sásra smachta reachta ann chun bainistiú fónta á dhéanamh ar bhuiséad an Aontais agus airgead an cháiníocóra a chosaint. Is faoin bParlaimint agus faoin gComhairle atá sé anois agus creidim gur cheart é a bheith de rún againn teacht ar chomhaontú roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa an bhliain seo chugainn.'*

Jean-Claude Juncker, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an 2 Bealtaine 2018

*'An breisluach a bhaineann leis an Aontas Eorpach is ábhar don togra seo le haghaidh buiséid. Tá níos mó infheistíochta á déanamh againn i réimsí nach féidir le Ballstát amháin gníomhú as féin iontu nó a mbeadh sé níos éifeachtúla gníomhú le chéile iontu, e.g. an taighde, an imirce, rialú teorainneacha nó an chosaint. Agus leanaimid de mhaoiniú a chur ar fáil do bheartais thraidisiúnta, ach cruth nua-aimseartha orthu, mar shampla an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Beartas Comhtháthaithe, toisc gur chun leas gach aon duine againn ár dtáirgí talmhaíochta ar ardchaighdeán agus an bhearna a dhruidim idir na réigiúin ó thaobh an gheilleagair de.'*

Günther H. Oettinger, an Coimisinéir um an mBuiséad agus Acmhainní Daonna, an 2 Bealtaine 2018



## BUISÉAD DEARFACH LE HAGHAIDH CLÁR OIBRE DEARFACH

An chéad bhuiséad fadtéarmach eile, buiséad a gcuirfear tús leis an 1 Eanáir 2021, beidh sé ar an gcéad bhuiséad ag an Aontas nua de 27 mBallstát. Tráth cinniúnach atá ann don Aontas. Tráth a bhfuil an tAontas ullamh beart a dhéanamh de réir a bhriathair.


Tá buiséad fadtéarmach nua comhaimseartha spriocdhírithe á bheartú ag an gCoimisiún, buiséad a bheidh go mór in oiriúint do na tosaíochtaí polaitiúla, rud a chuirfidh feoil ar chnámha an chláir oibre dhearfaigh a leag an tUachtarán Juncker amach ina aitheasc ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2016 agus a chomhaontaigh ceannairí na 27 mBallstát sa Bhratasláiv an 16 Meán Fómhair 2016 agus i nDearbhú na Róimhe an 25 Márta 2017. Sa bhuiséad atá beartaithe, tugtar le chéile ionstraimí nua ina bhfuil cláir nua-aimseartha le go bhféadfar tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích go héifeachtúil agus dúshláin nua a fhreagairt.

### Gnéithe tábhachtacha i mbuiséad nua an Aontais

- Tuilleadh maoinithe do réimsí tosaíochta
- Córas nua lena gcosnófar buiséad AE ar rioscaí airgeadais a bhfuil baint acu leis an smacht reachta
- Béim mhór ar an mbreisluach Eorpach agus ar fheidhmíocht
- Níos lú maorlathais dóibh siúd a fhaigheann maoiniú
- Buiséad níos solúbtha agus níos grinne laistigh de struchtúr níos soiléire agus níos éadroime

### An mhéid atá i mbuiséad AE mar chéatadán den ollioncam náisiúnta (OIN)

*Uasteorainn na ngealltanas in % de OIN an Aontais*





Uasteorainn na ngealltanas in % de OIN an Aontais

An Ciste Eorpach Forbraíochta

*(*) gealltanais mheasta do 2014-2010 (caiteachas na Ríochta Aontaithe as an áireamh) in % de OIN na 27 mBallstát*
*(**) an Ciste Eorpach Forbraíochta san áireamh*
*("curtha sa bhuiséad")*

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach

### An chaoi ar athraigh príomhréimsí beartais an bhuiséid




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach

*Coigeartaithe le haghaidh mhéadú 1995


## IN OIRIÚINT DO NA TOSAÍOCHTAÍ POLAITIÚLA

Fágfaidh na tograí ón gCoimisiún go mbeidh buiséad an Aontais ag teacht go hiomlán leis an gclár oibre dearfach a bheidh ag an Aontas Eorpach tar éis 2020. Tá na tograí sin bunaithe ar dhianmheasúnú ar na hacmhainní a theastóidh chun spriocanna an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, éifeachtúlacht an chaiteachais i ngach réimse agus an breisluach a bhaineann leis an gcaiteachas sin. Mar thoradh air sin, tá cur chuige pragmatach á bheartú ag an gCoimisiún, cur chuige lena gcuirfear an tacaíocht chuí ar fáil do na tosaíochtaí nua agus na tosaíochtaí atá ann cheana, agus lena dtabharfar aghaidh freisin ar an laghdú a thiocfaidh ar na ranníocaíochtaí náisiúnta de dheasca chinneadh na Ríochta Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach.

Eagrófar cláir maidir leis na príomhthosaíochtaí caiteachais de réir téama, agus beidh na cláir sin ag freagairt do na ceannteidil atá i struchtúr foirmiúil an bhuiséid. Laistigh de gach tosaíocht, déanfar na cláir a ghrúpáil i mbaisceanna beartas agus déanfar tagairt do na baisceanna sin i dteidil an bhuiséid bhliantúil. Fágfaidh an struchtúr nua go mbeidh trédhearcacht bhreise ann i dtaobh na n-aidhmeanna atá le buiséad an Aontais agus mar a chuirfidh na codanna éagsúla den bhuiséad leis na haidhmeanna sin. Fágfaidh sé freisin go mbeidh níos mó solúbthachta ann chun déileáil le riachtanais a bhíonn ag athrú agus le héigeandálaí gan choinne i réimsí ar nós na slándála agus na himirce.

## AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL NUA 2021 - 2027
## BUISÉAD LE HAGHAIDH AONTAS A CHUMHDAÍONN, A CHUMHACHTAÍONN AGUS A CHOSNAÍONN

Sna billiúin euro, ag na praghsanna reatha




### I. AN MARGADH AONAIR, AN NUÁLAÍOCHT AGUS AN CLAOCHLÚ DIGITEACH
€187.4

**1** Taighde agus Nuálaíocht

**2** Infheistíocht Straitéiseach Eorpach

**3** An Margadh Aonair

**4** An Spás

### COMHTHÁTHÚ AGUS LUACHANNA
€442.4

**5** Forbairt Réigiúnach agus Comhtháthú

**6** Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta

**7** Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna

### AN TSLÁNDÁIL AGUS AN CHOSAINT
€27.5

**12** An tSlándáil

**13** An Chosaint

**14** Freagairt ar Ghéarchéimeanna

### AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN
€123

**15** Gníomhaíochtaí Seachtracha

**16** Cúnamh Réamhaontachais

### ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL
€378.9

**8** Beartas Talmhaíochta agus Muirí

**9** An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

### AN IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA
€34.9

**10** An Imirce

**11** Bainistiú Teorainneacha

### AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH
€85.3


**17** An Riarachán Poiblí Eorpach

# SOILÉIRIÚ AGUS SIMPLIÚ

Creat níos comhleanúnaí, níos spriocdhírithe agus níos trédhearcaí atá á bheartú ag an gCoimisiún. Beidh struchtúr an bhuiséid níos soiléire agus beidh sé in oiriúint níos mó do thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún fáil réidh le breis agus aon trian de na cláir atá ann faoi láthair, trí, mar shampla, foinsí maoinithe ilroinnte a thabhairt le chéile agus úsáid na n-ionstraimí airgeadais a chuíchóiriú go mór.


**Tá 58 gclár sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil faoi láthair**

**Cláir nó ionstraimí nua atá sa togra nua**



# NA TOSAÍOCHTAÍ POLAITIÚLA A MHEAITSEÁIL

Má theastaíonn ón Eoraip bogadh ar aghaidh le chéile ar an gclár oibre dearfach, beidh buiséad ag teastáil a bheidh in ann ag tosaíochtaí an chláir oibre sin. Bainfidh na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh tairbhe luachmhar as an infheistíocht a dhéanfar anois i réimsí ar nós an taighde agus na nuálaíochta, daoine óga agus an gheilleagair dhigitigh. Seo an chúis a bhfuil an Coimisiún ag beartú cur leis an mbuiséad i réimsí tosaíochta.




*Nóta:* I gcomparáid le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 (AE-27), an Ciste Eorpach Forbraíochta san áireamh

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach


Print ISBN 978-92-79-84386-0 doi:10.2775/8980 NA-04-18-348-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84420-1 doi:10.2775/14329 NA-04-18-348-GA-N